I.

Diúltaim feasda d'aisdiḃ bréige
'S gur do mo loċtaiḃ d'easbuiḋe céille,
Ḃeurfad mo ċúl le dúil i n-aoiḃneas,
Mo ċúl le h-ól, le ceol, 's le díomas.

II.

Ḃeurfad m'aġaiḋ go buaḋarṫa, náireaċ,
Ísol, deoraċ, brónaċ, cráiḃṫeaċ;
D'aiṫris mo ~~ṫreiṫre~~ ṫréarṫa do Ríġ na nGrása,
I ndúil go bḟuiġinn mo ṁian 's mo ṡláinte.

III.

A Árd-Ríġ soillseaċ, ḋeallraċ, ṡéadaċ,
A ġnúis álainn, ṡialṁar, ċiallṁar, ṗéarlaċ,
A Ḋia ċarṫannaċ, ċeannasaċ, réaltaċ,
Tabair dam cabair mo ġlais a réiḋteaċ.

IV.

Is tusa Taoiseaċ an Ċruṫuiġeaċt ġlórṁar,
Gan tús, gan deireaḋ, a Ċumadóir ṁórḋa
A ċum na Flaiṫis 'gus na h-aingle fíor-ḃinn,
An ġrian 's an ġealaċ 's gaċ áilne faoi sin.

V.

A árd-ainm Íosa is milse i mbéalaiḃ,
A Ḋia 's a ḋuine a ċeannuiġ síol Éaḃa,
A ḃeaṫa na n-aingeall 's a ṡoluis na gréine,
Is tú 'ċuir i gceangal na deaṁain is tréine.

VI.

A ġile gan smúid 's a ġrúis is féile,
A ġrianáin óir, a ċabair, 's a ċéile,
Is fada liom uaim do ċúint ar mé 'ngéiḃeann,
Mo ċréaċda ar sileaḋ, do ċoimirce éiliġim.

VII.

Ḋeurfad m'aġaiḋ go buaḋarṫa, náireaċ,
Ar ṡnuaḋ na gile, ar uṁar an ċráiḃiḋ,
Ar Airc an Ċonnarṫa, 's ar ċoluṁan na mbuaiḋean
Saor m'anam ó ṡnaiḋmeaċaiḃ cruaiḋe.

VIII.

Ar áilne dó-labarṫa, lonnraċ, uasal,
Stuamḋa, ċinealta, ṡoineannta, ṡnuaḋ-ġeal,
Ar an ṁaiseaċ, ṁodṁar, eolaċ, ċríonna,
Ar ḟoc gaċ aiciḋ ar anamannaiḃ daoine.

IX.

A ḃruinġill roiṁċubaiḋ 's a stórais líonta,
Is fada ann do láṁ na grása scríoḃṫa,
'Sí do ḃroinn-se a d'ioṁċuir an t-Árd-Ríġ uasal,
A Stóir na meala, 'gus a Ḣalla na truaiġe.

X.

Is doilíġ do ṁolaḋ le file gan eolas,
A Ṡeompa 'n Ríġ, 's a Scáṫáin an tSólais,
A ġlaine gan ḃriseaḋ, 's a Ġirde gan dólas,
A Ṗéarla a ċum Ríġ Neiṁe go h-óirḋearc.

XI.

Adṁuiġim gur ḟéan mé ṫú go náireaċ,
A Ḟaoilinn ġlé, 's a Ċoluiṁain ċráiḃṫeaċ;
Má deirim é is bréag gur d'easbuiḋ eolais
A ṫionntuiġ mé cúl le Cúirt an tSólais.

XII.

A Ċraoiḃ is deise de ḟuil Ríġ Dáiḃí,
Is furuṫ mo ṁilleaḋ, is searaċ do'n Árd-Ríġ;
Aċt is tusa mo ċoimirce i ndeireaḋ tiomna,
Agus éistfear leatsa mara n-éistfear liomsa.

XIII.

A Ċumannaiġ ṁuinnteardha, ḟoirneannta, féanaċ,
A ḃláṫ na gile, 's a lil a tá géagaċ,
A Ṗalais Ríġ na gcumaċta is teinne,
A ḋ'ionċuir an ċruiṫneaċt a ċoṫuiġeas sinne.

XIV.

A Ḃalsam brisiġe a sileas i gcréaċdaiḃ
Ḋaoine goinnte, 's a ġníḋeas iad léiġeasta,
A loċrainn solais Ṗárrṫais na féadann,
A long naċ dtraoċtar, saor mé ó ġéiḃeann.

XV.

Is fada ó geallaḋ duit Eoċair na nGrása,
Gur b'é do Ṁac-sa a ċuirfeaḋ an báire
Ar ṗrionnsa Ifrinn, 's a ḃrisfeaḋ a líonta,
A ḃrúiġfeaḋ a ceann, 's naċ leigfeaḋ dó éirġe;

XVI.

A ruaigfeaḋ a ċaṫuiġṫe abfad ó na daoiniḃ,
A ḃainfeaḋ as leagaḋ ar son a ḃeiṫ críonna;
A ċuirfeaḋ na faol-ċona abfad ó na caoiriġiḃ
Agus d'ḟúiġfeaḋ iad ceangailte i gcréaċdaiḃ iomḋa.

XVII.

A Réalṫ na mara, ’s a ċara na ndeoraiḋe,
A long gan briseaḋ, a ċoinneal, ’s a ṫreóraiḋe,
A Ṡeompa ’n Ríġ, ’s a ḃean na féadann,
Scaoil mé ó ġlasaiḃ, ó ċreapall, ’s ó ġéiḃeann.

XVIII.

Aon-inġean an Áṫar agus Maṫair an Oiḋre,
Céile ’n Spioraid agus glaine na gréine,
Eoċair gan obaḋ a geineaḋ ’n-am féiḋme
Le’r scaoileaḋ glais agus creapaill ṡíol Eaḃa.

XIX.

A óiġ ró-ṁaiseaċ, a ġéiġ ġeal ṁúinte,
A d’ḟosgail na geataí le fada bí dúnta,
A Eoċair a cumaḋ ar inneoin an Ċráiḃiḋ,
Le’r scaoileaḋ glais agus creapaill ṡíol Áḋaim.

XX.

A ṁaiġdean ṡuaiṁneaċ, sciamḋa, álainn,
Ná bí ṫusa gruamḋa liomsa, a ḃáinríoġain.
A ċiste ’n óir, ’s a stóir na féadann,
’S gur b’é do ġuṫ binn buaiḋ ar ḟuaim na dtéadann.

## XXI.

A Réalt na mara a geineaḋ ó'n Árd-ḟuil,
A Ṗéarla an Ċumainn d'ar b'ainm duit Máire,
Tá mise ag tuitim le carraig an dólais,
'Noir beir ar mo láiṁ, a Ṁáṫair an tSólais.

## XXII.

Ná tréig mé, a ċara a ṫuill clú a's buaiḋe,
A inġín Anna báine a b'áilne gnuaiḋe,
A inġín Ioacaim uasail a ṫainic ó ríġṫiḃ,
Lánaṁuin beannuiġṫe 'buḋ ġeanmnuiḋe gníoṁa.

## XXIII.

Fuair siad mar aṫċuinge ar son a ndeora.
An ċéad ṗlannta saor ó Ríġ na Glóire —
Saor ó'n ċáin ann ar geineaḋ síol Éaḃa —
Ṫainic sí i dtráṫ, agus grád mo ċléiḃ í.

## XXIV.

Dá ḟiċead céad de bliadantaiḃ lána,
Ḃí glais an ṗeacaiġ ar ṡíol Áḋaim,
Ḃí Ifrionn fosgailte gan truaiġe,
Buḋ ċráiḋte a leapṫa i dteinteiḃ cruaiḋe,
Fá deireaḋ go dtainic an Ríġ-ḟlaiṫ uasal,
Mac an Árd-Ríġ tá síorruiḋe, snuaḋ-ġeal.

## XXV.

"Is mór mo ṫoċt, a Aṫair ġrádaṁail,
Go dtug tú cúl do ~~ob~~ ṡaoṫar do láiṁe;
Aiṫris dam, a ġnúis is ṡéile,
Caidé 'n cíos a ḋíolfaḋ a dtréasa;
Dá mbéirḋeaḋ siad saor béirḋeaḋ m'inntinn saiḋbir,
A's ḋíolfaiḋ mise a gcáin, má's féidir."

## XXVI.

"A Ṁic mo ċroiḋe,' ta naoiṁṫa, béasaċ,
Dá nglacṫá a' láiṁ a gcás a péirteaċ,
Dá mblasṫá páis go cráiḋte, céasṫa,
Go mbéirḋeaḋ siad 'san ġlóir go deo a' féasdaiḃ."

## XXVII.

Ní ḃlasfaḋ páis go bráċ gan daonnaċt,
Níḋ ó tá 'naġaiḋ mo ṁéad 's mo ċríonnaċt;
Aċt tá 'nois ar talaṁ an seomra fíor-ġlan,
An ḃruinneal ṁaiseaċ, an óiġ, 's an ṫraon-ḃean

XXVIII.

"Ingean Anna báine a b'ḟearr i ngníoṁaiḃ,
Ingean Ioacaim ḟéin a ṫáinig ó ríġṫiḃ,
Bainríoġain beannuiġṫe, ġeanaṁail, uasal,
O lánaṁain ~~beannuiġṫe~~ ċeannsaiḋe buḋ ġeanmnuiḋe gluaiseaċt."

XXIX.

"Fuair Anna mar aṫċuinge ar son a cuid deora
An ċéad ṗlannta saor ó Ríġ na Glóire,
'Sí'n eoċair a cumaḋ ar inneoin an ġráḋ í
A scaoilfeas na glais a ċreapall síol Áḋaim."

XXX.

"'Sí ruġaḋ gan peacaḋ, a's naċ ḃfuair náire —
Mise 'gus ise a ċuirfeas an báire;
Go h-áḋaṁail sona ḃeurfamuid buaiḋe
Ar ṗríosún ifrinn na lasraċ cruaiḋe."

XXXI.

Críoċnuġaḋ 'n ċoṁairle a's ṫáinig an t-Árd-Ríġ —
Ríġ na nAingeall, na Naoṁ, 's na ḃFáiġeann —
Ġéabraiġeal soillseaċ, deallraċ, gle-ġeal
Buḋ deise gnúis a's snuaḋ a's féaċaint

XXXII.

Ṫáinig anuas ar cuairt go ceolṁar
'San áit a raiḃ Máire go h-aoiḃeaṁail, móḋṁar,
"Dia do ḃeaṫa, a ṁnaoi an déag-iomráiḋ,
Tá Flaiṫeas ar Talaṁ anois ann do ṫiomna."

XXXIII.

A Ṁaiġdean áluinn, ādaṁail, naoṁṫa,
Is ann do láṁ 'tā na grása scríoḃṫa;
Tá Ríġ na nAingeall ar tí' ṫeaċt ann do ḃroinn-se,
Is tū maṫair ár nĀrd-Ríġ agus ár bPrionnsa.

XXXIV.

"An féidir sin?" ar sí go náireaċ,
Mōdṁar, múinte, gnūis-ġlan, cráiḃṫeaċ;
"An fēidir sin, a ġnúis mar réalta,
Go mbēiḋeaḋ agam mac gan ḟear, gan ċéile?"

XXXV.

Labair an t-Aingeall ō Ċuirt na Séodaiḃ—
"Tá do ṫoraḋ-sa ōs cionn na slóiġtiḃ;
Ar Flaiṫeas béiḋ do Ṁac-sa 'na oiḋre,
'Sé'n Spiorad Naoṁṫa d' ḟear 's do ċéile."

XXXVI.

"Is Maiġdean ísiol mé, tá sásta
Ar ṫoil 's ar aontuġaḋ Ríġ na nGrása;
Is mór an t-ionganntas liom an ráḋ sin,
Aċt guiḋim-se Dia 's go dtiġiḋ an lá sin."

XXXVII.

"'Sé órduġaḋ 'n Aṫar duit fear a ṗósaḋ,
Duine aosda d'ar b'ainm dó Seosaiṁ,
Fear faire ġus treóruiġṫe an óiġ 's an oiḋre,
Is béiḋ tú 'do Ṁáiġdean go lá an tSléiḃe."

XXXVIII.

Críoċnuiġeaḋ coṁairle Ríġ na Sólas,
'Gus i gceann trí ṁí ṗós sí Seosaiṁ;
Tráṫ ċonnaic sé broinn-árd Snuaḋ na Gréine
Ṫionntuiġ a ġráḋ 'un gráin 's 'un éada.

XXXIX.

"Má's mór meas macántaċt na mná seo,
Ní'l sí cneasda — is mór an náire é —
Aċt ḋéanfaiḋ mise gnaiṫe stuamḋa;"
Ṫionntuiġ léi a ċúl go gruamḋa,

XL.

Ṫuit 'na ċodlaḋ 'gus a intinn buaḋarṫa,
Aċt ṫainic Aingeall ó Ċúirt na mBuaiḋeann —
"A ṁic Dáiḃí, ṫuig tú do ḃréiṫ go fállsa,
Iarr párdún anois, is tú tá meallṫa;"

XLI.

"Má tá bean ṫrom leat-sa sínte,
Is de na grásaiḃ a tá sí líonta;
Tionntuiġ ṫart go luaṫ 's deán uṁluġaḋ
Do Ṁac an Ríġ 'tá i ḃFláiṫeas a' stiúraḋ;"

XLII.

"Is mór do ṁeas-sa ag an Ríġ seo
'S a Ṁac ar leabaiḋ le do ṫaoiḃ-se;
Is tú a fuair na grása móra
A's tú fá ṫíġ le Ríġ na glóire."

XLIII.

"Le h-oibriuġaḋ glórṁar an Spioraid Naoṁṫa
Rinne ~~x~~ Sé céile de do ṁnaoi-se;
'Sé a ḃroinn an seomra geal na féadann,
Is ann 'tá léiġeas ar ċreaċ ṡíol Éaḃa."

XLIV.

"Cuin-inġean ṁódṁar, óg-ḃean uasal,
Suaiṁneaċ, lonnraċ, ṁíleadta, snuaḋ-geal;
Tiocfaiḋ Sé i dtráṫ fá ḃeagán míosaiḃ,
'Sé 's ainm do'n Árd-Ḟláiṫ áluinn, Íosa."

XLV.

D'innis an t-Aingeall ar ṁuirgaib Seóraiṁ —
'Sé a ċroiḋe 'bí slán fá'n ṁnaoi a ṗósaḋ;
D'iarr sé párdún a's fuair sé síoṫċán
Ó ḃFláiṫeas na sceór 's ó'n óiġ ḟíor-ġlan.

XLVI.

Ṫáinic teaċtaire luaṫ ó Séasar
le cuireaḋ a ṫabairt do ġaċ aon-ḟear
Go baile beag Ḋáiḃí d'ar b'ainm dó Béatal;
Ġluais ann Seóraiṁ 's an ṁáiġdean ġle-ġeal.

XLVII.

Ṡiubail an dís ar aon go Béatal —
Seóraiṁ aosda a's óiġ na céille —
Aċt diúltaḋ iad gaċ áit fá lóistín,
Mar bí siad boċt 'san baile-ṁór sin.

XLVIII.

Ṡiubail siad amaċ a's suas gur ṫárla
Do an lánaṁain go ḃfuair siad stábla,
Ċuaiḋ isteaċ an Ḃáinríoġain naoṁṫa,
Is ann an áit sin a rugaḋ Íosa.

XLIX.

Ġléas go luaṫ an Ṁaṫair ṁódṁar
Ġiobaiġíl ġlana ar an leanḃ ġlórṁar;
Naċ d'ioblaiġṫe 'n áit an ṫáplaiġ 'n Ríġ seo
Ar a ċéad ċuairt ~~do ṁur ġlaḋ~~ d'ḟuarċaḋ 'n t-saoġail seo.

L.

Ḃí Sé sínte i mainséir ḟuarać —
Ó, a Árd-Ríġ, mo ṁíle truaiġe!
Agus d'ḟáġ Sé ocras an Áṫar ḃaḋ tréine,
A's guṫ na n-Aingeall le milliuin bliaḋna.

LI.

Ṫainic sluaġ aingeall anuas le scéala
Go dtainic an Mac a tuill cáin síol Éaḃa;
Ċan do luċt óir, no stóir, nó séada
Aċt do luċt saire 'bí a' coiṁéad na dtréadann.

LII.

Doctúir óg a ṫainic 'un táirṫul'
Ó ṗṗíosún teineaḋ ár n-anamanna 'ṡábail,
Ar ġlúin a Ṁáṫar, an ġlúin a b'áilne,
'Noiṡ 'un a' tsaoġail seo do ṁíle fáilte.

## LIII.

Ḃí'n oíḋċe fuar, mo ċráḋ, gan díḋean,
Ag leanḃ na stór 's ag an Óiġ fíor-ġlan,
Aċt leag sí i mainsteir É go stuamḋa
Eadar ḋaṁ agus asal ġruamḋa.

## LIV.

Nuair a ṁoṫuiġ an t-asal boladh na ngrása
Agus fuair a Ċruṫuiġṫeoir aige 'nns an stábla
D'árduiġ a ġuṫ a's ṫuit ar a ġlúnaiḃ
A's d'aḋraiḋ 'n leanḃ 'bí soineannta, cliúteaċ.

## LV.

D'uiṁluiġ 'n daṁ ċoṁ maiṫ agus b'féidir,
le teas a anála sinne Dó téagraḋ;
A ḋaoine dalla gan aiṫinte, glac múnaḋ
Ó'n daṁ 's ó'n asal a' molaḋ 's ag uiṁluġaḋ.

## LVI.

Ṫainic trí Ríġ ó éiriġe na gréine
'Ċur fáilte roiṁe, le treóruġaḋ réalta;
Trí seóda glana sinne siad d'iomċur
le bronnaḋ ar ~~Ṡ[illegible]~~ Sonar na Cruinne i mainseir:—

## LVII.

Níorḃ le cruṫuġaḋ gur Ríġ ba tréine É,
Ór le cruṫuġaḋ gur ġlaine gaċ méin É,
Túis le cruṫuġaḋ dá ndéanfaiḋ Dé síoraí
Go mbéiḋeaḋ a ċolann slán go síorruiḋe.

## LVIII.

"A ḋaoine dalla," ars an t-Aingeall glórṁar,
"Má tá siḃ gan caraid is dona bur ḃfóġṁar,
Aċt ġeobaiḋ siḃ agaiḃ i mBéatal i stábla
An leanḃ a ḋ'ḟoscail daoiḃ geataí na ngrára."

## LIX.

Ar an h-oċtṁaḋ lá ċuaiḋ an Ṁáiġdean áluinn
le n-a h-aon-Ṁac glé-geal ċum an Teámpuill
le timċeall-ġeárraḋ a ḋéanaḋ le sgian air
Go raḃ a ċuid fola a' sileaḋ síos leis.

## LX.

Nuair a ċonnaic sí fuil a h-aon-Ṁic glórṁar,
An Ṁáiġdean ċlúṁaṁail, ṁúinte, ṁódṁar,
"Nac luaṫ a ċuaiḋ Sé a ḋíol ár gcíosa,"
Agus sáiġde dólais 'dul tríd a croiḋe-se.

LXI.

D'éiriġ 'n ġrian go maiseach, súgach,
An ġealach 's na réalta go soillseach, snuaḋ-ġeal,
Ar gach níḋ i Nádúir ṫainic maise 's áilne,
Agus blas na meala ar uisce 's sáile.

LXII.

Buḋ ġeárr go dtáinig an t-Aingeal 'na ḋiaiḋ sin
Agus labair Sé leis an ḟaoilinn mín-ġlain—
"Caiṫfiḋ sibse teiṫeaḋ 'na h-Éigipt,
Is geárr go gcluinfiḋ siḃ feall a's éagceart."

LXIII.

"Marbfiḋe Héroḋ agus a ḋaoine
A ḃfuil de leanbaiḃ fear 'san tír seo
I ndúil go gcasfaiḋe do Ṁac 'san lín air,
Acht tá sé meallta, béiḋ siḃ saor air."

LXIV.

D'imṫiġ 'n triúr ar siuḃal na h-oiḋċe—
An naoṁ 's an óiġ a's Ríġ na Ríġṫe—
Gan ċaraid, gan stór, gan ór, gan éadaiḃ
Acht oiḋre na ḃFláiṫeas, an banbán glé-ġeal.

LXV.

Siubal 'san lá, mo ċráḋ, níor ḟéad siad
le h-eagla 'n ḃáis ō ġárdaiḃ Héroḋ;
Ar feaḋ an lae níor ṡáiṁ a suaiṁneas
Aċt 'folaċ i ngleanntaiḃ dorca 'n-uaigneas.

LXVI.

Naċ truaġ ~~[illegible]~~ liḃse anois an scéala,
An leanḃ a ċeannuiġ cáin ṡíol Éaḃa
A' téiṫeaḋ ar coigċríċ anns an oiḋċe
A' saoṫruġaḋ sláinte a's párdún daoiḃse.

LXVII.

Muire na gile, a's b' olc a cóta,
A cosa geala gearrṫa, stróċta,
Gan mōrān fā n-a cuirpe éag' naċ
Gur ċuir sí a Mac 's a Ríġ ar déagnaċ.(?)

LXVIII.

Nuair a ċualaiḋ Héroḋ, ḃí laige a's gruaim air,
Gur ruġaḋ 'n Ríġ a ḃeurfaḋ buaiḋ air
I n-onoir, i n-uaisleaċt, i gcuṁaċt, 's i meudaċt,
Líon lán cancair, fuaṫ, a's éaḋa Air.

LXIX.

Ċuir sé a ḟlóiġte 'maċ lá éigin
Gan leanḃ fir d'a raḃ 'san réagún
Ó aois dá ḃliadain go h-aois trí h-oiḋċe
Naċ gcuirfiḋe 'un báis — buḋ mór an-ṗoiḋe í.

LXX.

B'iomḋa sin banaltra scánnruiġṫe, uaiġneaċ,
A d'ḟág an bás go cráiḋte, buaḋarṫa,
Fá na mic ġeala, gráḋ mo ċléiḃ iad
Le n-a gcuid fola gur baisteaḋ saor iad.

LXXI.

Na mílte bruinneall goirte, cráiḋte,
Le tuilte deora a ngruaiḋe báiṫte,
A' dul 'un laige anns an tír sin,
Agus fuil a mic craiṫte ar a gcíoċaiḃ.

LXXII.

Mná boċta a screadaiġ a's saiġdiúirí dána
A' stróċaḋ a muirníní ar a lámaiḃ,
Le lannaiḃ géara agus le pícíḃ,
A gcroiḋṫe d'a loit 's a gcuid mac 'na bpíosaiḃ.

LXXIII.

Lá na páise, lá na péine,
Lá éag' na leanb, lá an ġéibinn,
'Sé a ċasgair Héroḋ le bás anabuiġṫe
Ceiṫre-míle-déag agus corraḋ de leanbaiḃ.

LXXIV.

Fuair an Ríġ seo bás — ní cráḋ liom á éisteaċt,
Agus ġluais an t-Aingeall síos go h-Éigipt,
Labair sé le Muire, gnúis mar réalta,
Agus le h-Íosa, Ríġ na féadann.

LXXV.

A ṫeaċt 'un abaile, iad féin a's Seósaṁ,
Gur éag an Ríġ a d'ḟág mná i ndólas.
Ṗill arís an triúr buḋ saoire —
A's míle fáilte 'gus slainte 'na tíre.

LXXVI.

Ċuir Caisar cuireaḋ am geárr 'na diaiḋ sin
Ar a raiḃ de ḟearaiḃ anns an réagún,
'N áit ar ṫóg mac críonna Dáiḃí
Teámpull urnuiġe suas do'n Árd-Ríġ,

LXXVII.

Le n-a dtabairt faoi umluġaḋ cíosa
le h-órduġaḋ 'n impire a bí 'san tír sin.
Ġluais ann Seósaṁ a's óiġ na céille
Agus Íosa óg, mac Ríġ na gréine.

LXXVIII.

Ar sroiċeaċt dóiḃ gan ṁoill 'na diaiḋ sin
Ċeasduiġ Íosa ón ḟaoilinn béal-ġlais;
Síl sí gur ḟill Sé abaile i n-aonair —
Buḋ ṁór a toċt agus grāḋ a cléiḃ ann.

LXXIX.

Ḃí saiġde a' peaċuiġ tré lár an óiġ ġlain,
'Gus gan É le fáġail — Mac Áṫar an óir-ġlain;
Ġread sí a bosa go cruaiḋ 's go cráiḋte
D'eagla É 'beiṫ marḃ nó báiṫte.

LXXX.

Trí lá [bí'n] ban-táir agus a treóruiḋe
Ag siubal na ród faoi ċuiltiḃ deora,
A' ḟiafruiġ de gaċ neaċ 'san tír sin
"An ḃfacaiḋ siḃ mo Ṁac beag, Íosa?"

LXXXI.

"Ó! mo ḋíṫ 's mo ḋoluiġ mór é,
Is eagal liom naċ ḃfeicim beo é."

* * * * * * * * *

LXXXII.

A ṁna 'tá lán de ṗomp an tsaoġail seo,
Naċ truaiġ liḃ Muire ṁúirnte claoiḋte,
Ag iarraiḋ a h-aon-Ṁic trí lá go cráiḋte
A gnúis geal leis na deoraiḃ báiṫte?

LXXXIII.

Ḟill sí ann sin arís 'na Teámpuill
Agus fuair sí a Mac beag óg ag cúntaiḃ,
Leis na doctúiriḃ críonna 's aiġneas —
Glóir do Íosa, rannaiġiḋ an céim leis.

LXXXIV.

Ġlac luṫġáire mór an Ṁáiġdean ġlórṁar,
O' ḟiafruiġ de n-a Mac go múinte, módṁar,
"Naċ truaiġ leat sinne claoiḋte, deorac,
Do' iarraiḋ le trí lá go brónaċ?"

LXXXV.

"Caidé 'n fáṫ le'r iarr sib mise?
Tá sib fós gan mórán tuigse,
Nać a ṫreorużaḋ an ċinid daonda
A ṫug mise cuairt anuas 'un tsaoġail seo."

LXXXVI.

Saor crainne a bí 'san tsean-ḟear aosda
A bí 'na céile ag maṫair Críosda;
Ṫoisiġ 'n t-óg-ḟear glórṁar díreać
Ar an ċeird sin leis go saoṫrać.

LXXXVII.

Le fios a ṫabairt do'n ċineaḋ daonda
Gur b'é a iompla féin a beaṫa a saoṫruġaḋ
Le h-allus a éadain, a's nać raib náire
Ann san ċeird bud luġa 's bud táire.

LXXXVIII.

Níor ṫóg Sé suas le clannaib ríġṫe,
Nó fós le daoinib móra, críonna,
Nó le luċt óir, nó stóir, nó síoda,
Aċt le daoinib loma, boċta, díoblaiġṫe.

LXXXIX.

An ċuideaċta 'ṫoġ Sé, daoine aorda,
Comairlí-ċumainn Ríġ na Ríġṫe,
Aon-duine-déag de ḋaoiníḃ bláṫaṁail,
Agus Iúdas mallaiġṫe naċ raḃ ádaṁail.

XC.

Ḃí Íosa 'gus an Óiġ na'r ḋána
Ag bainfeis pósta a ḃí i gCána,
Ṫeastuiġ fíon ó ḟear an ḟéasda,
Agus laḃair an Ṁáṫair buḋ ċiúine béasa:—

XCI.

"A Ṁic mo ċroiḋe, ós Tú tá críonna,
Tá'n áit seo buaḋarṫa d'easbuiḋ fíona."
"Caiḋé sin duine, cás a mbuaḋarṫa?
Ní ṫainic m'uair-se ag toiseaċ tréarṫa."

XCII.

D'éiriġ 'n Óiġ a ṫuill gaċ buaiḋe,
'S tá ċumann an ḟéasda ġlac sí truaiġe;
"Ains an ċruinniuġaḋ tá buaċaill bláṫaṁail,
Agus le beagán cuiḋiġe tá sé ádaṁail."

## XCIII.

Ġlac lúṫġáir mór an fear fá'n níḋ seo,
Cuaiḋ i leaṫṫaoib a's labair le h-Íosa:—
"Tá mío-ċonġar fíona annsan áit seo,
Tá mé folaṁ, a ṁic, 's mé cráiḋte."

## XCIV.

D'éiriġ Sé suas gan scléip, gan ionġnaḋ,
D'iarr Sé na soiṫiġe' bí folaṁ a líonaḋ;
Líon siad suas le h-uisce lán iad,
A's beannuiġ Seisean le n-a láiṁ iad,

## XCV.

Rinne de fíon glan, blasta, láidir—
Cuaiḋ an níḋ sin ós cionn an Nádúr'.
Seo an ċéad ṁíorbuile Ṁic na h-Óiġe,
Agus molaḋ an saoġal Mac Ríoġ na Glóire.

## XCVI.

Fá ċionn tamaill biġ 'na ḋiaiḋ sin
Casaḋ Dó an naoṁ-ḟear béal-binn,
B'é sin Eoin Baiste a ḃaist na mílte,
Acht is mó an ċéim gur ḃaist sé Íosa.

XCVII.

Ġluais an dís araon go Seórdán,
An linn a ċaisnic ó'n ḟáiṫce ró-ġlan,
Ann sin a rinne siad cainnt le ċéile,
Agus béiḋ gaċ buaiḋ leo go lá an tSléibe.

XCVIII.

I gcionn a deiċ mbliadna 's fiċe a bí Íosa
An lá a baisteaḋ É ar an tsaoġal seo;
Ar feaḋ ṫrí mbliadna ann sin d'A ċéarma
Bí ag teagasc 's ag léiġeas go déaġ-ġníoṫeaċ,
déirceaċ.

XCIX.

Do na dallaiḃ ṫug Sé súile,
Do na bacaiġiḃ lúṫ ailt a's glúine,
Do na balbáin cainnt, do na bodaraiḃ éisteaċt—
Glóir do'n Ríġ, 'Sé gníos gaċ éifeaċt.

C.

Ṫóg Sé Lasarus beo ar an uaiġ,
Mac na baintreaḃaiġ ais le truaiġ,

Caitim marḃ i dtiġ an duine-uasail,
Agus fear sona ar léigeas Sé a ḃuaċaill.

CI.

Ṡocruiġ Sé 'n ġaoṫ a's na tonna tréana,
Agus léigeas gaċ aicíd a's galar léanṁar,
Ruaig Sé ar son a deora 's a náire
Seaċt ndiabail ḋána as colainn Ṁáire.

CII.

'Na ṫroscaḋ dá-ḟiċid lá 'na ḋiaiḋ sin,
Ag fágail sompla i ngaċ réasún;
B'iomḋa deor a ṡil Sé ar uaigneas
Ag súil go bḟuiġeaḋ A ċaoiriġe suaimneas.

CIII.

Easbuiḋe éadaiġ agus easbuiḋe áruis,
Easbuiḋe codlata agus cáirdis;
An cneaḋ súdaiġṫe anns an ruaiġ Air —
B'iomḋa ádḃar léin a's fuaiċt Air.

CIV.

Ċuaiḋ a ġníoṁartha ós cionn céadfaiḋ
le n-a ḃuaiḋ agus le n-a ḟéile;
Cúig ṁíle fear i nglеanntaiḃ fásaiġ
le cúig aránaiḃ beaga ṡásuiġ.

CV.

Agus ceiṫre ṁíle fear 'na ḋiaiḋ sin
A ḃí ag leanaṁaint an óig-ḟear ḟéidmeaṁail
le seaċt n-aránaiḃ beaga ṡásuiġ,
Agus mórán fuiġliġ i ngaċ áit díoḃ.

CVI.

Na Ṗarasíní agus na Scríobaí
'Gus an Cineaḋ Iúdaiḋe malluiġṫe ḋíoblaiḋ,
Ṫóg siad cion Dó anns an am seo,
Mar fuair Sé buaiḋ ar an ḋream seo.

CVII.

"Má ḃíonn an fear seo," ar siad, "saoġlaċ
Annsan áit seo, tá sé baoġlaċ
leis na míorḃuiltiḃ a ġníos sé,
Naċ mbíonn meas ar ċreideaṁ Maoise.

## CVIII.

"Caiṫfeam scéala 'cur ċuig Céasar
Go bfuil an fear seo 'dul i dtréas air;
Deir sé le' lán gur ádḃar Ríoġ é,
Gur mac a's oiġre do Ríġ na Naoṁ é."

## CIX.

"Caiṫfeam scéala 'cur fá'n níḋ ud
Ċuig Ríġ Rómánaċ agus ċuig Píolaid;
Má ḃeir sé ar na tíortaiḃ barra,
Naċ síleann siḃ go bfuil sé náireaċ?"

## CX.

Ádḃar bróin agus ádḃar éagcaoin,
Ádḃar dólais i ngaċ réagún,
An té a ḃaist na céadta 's na mílte
Gur ċeangail Rómánaċ é i bpríosún.

## CXI.

B'é sin Eoin Baiste maiseaċ, glé-geal,
Múinte, sona, beannuiġte, céillide;
Caill sé a ċeann na n-ór-ḟolt bána
Mar luaċ ar ḋamsa ṁaiġdean' dána.

CXII.

Ádḃar creaṫa do na spéarṫaiḃ,
A d'ḟág an ġrian go dorċa 'ġ éiriġ,
An ġealaċ ḟnuaḋ-ġlan agus na réalta
Lán de ġruaim fá ċuaim an scéala.

CXIII.

Ádḃar creaṫa na gcraoḃ is cruaiḋe,
Coillte glasa lán de ċruaiġe,
Tonna tréana na fairrge móire
Ag éiriġ laġ fá Ríġ na glóire.

CXIV.

Bí sé ag druidim leis na luaiṫiḃ
Ar ṁian le h-Íosa, Rí na gréine,
A ġeallaḋ a ċoimlíonaḋ go cróḋa
Do Rí na Reann 's na soillse móire.

CXV.

Baḋ ḟogus Dó na mílte gáḃaḋ
Ag ceannaċt saoirse do ṡíol Áḋaiṁ;
Sompla a ċeana 'riaṁ níor ċualas
Ag glacaḋ le mór-ċáin ár n-ualaiġ.

## CXVI.

Dé mac an Ríoġ a ċum na néalta,
An ġrian, an ġealaċ, agus na réalta,
Gaċ nıḋ is áılne ar ċlár na cruınne,
Na blaṫaiġ is áirde, 'na Dia 's 'na duine,

## CXVII.

A ġeall na glais a scaoileaḋ dúinne
Bí leis na mílṫiḃ ḃliaḋanta dúnta;
Ġlac Sé Air féin le teann déaġ-ṫola
Ár gcíos a ḋíol le dórtaḋ A ḟola.

## CXVIII.

Ċan fuil daiṁ a ḋíolfaḋ ár n-éiric,
Nó fuil glan Ríoġ 'béaḋ uasal, tréiṫeaċ,
Ċan í fuil ṡinsire na Róiṁe,
Nó fuil mic Ríoġ na h-Áisia móire.

## CXIX.

Nó dá ndóirtfiḋe fuil ṡíol Éaḃa,
Is sí nac ndíolfaḋ trian ár dtréara
Nó d'ḟosclóċaḋ na glais go síorruiḋe
Aċt coċair fliuċ le fuil ċroiḋe Íosa.

CXX.

Ḃí na h-árd-ṡagairt san am seo tréasac,
Annas dúr, claon agus Caiféas bréagac,
Tráṫ ċualaiḋ siad-san méid A ġníoṁ'ṫa
'S go dtabairfiḋe cúl do reaċtaiḃ Ṁaoise

CXXI.

Ċruinniġ siad ceannṗuirt an ċiniḋ Iúdaiḋe,
Agus níorḃ' í sin an ċoṁairle ṡúgac;
'Sé'n socruġaḋ 'rinne siad beagán bríḃe
A ṫabairt do'n té a ḃraiṫfeaḋ Íosa.

CXXII.

Léim an scéal imeasc na dtíorán,
Ṫárla fear de ṁuinntir Íosa ann,
'Sé b'ainm do'n ḟear ṁallaiġṫe, Iúdas —
Má ḃí sé naoṁṫa, ṫug sé cúl do.

CXXIII.

Ós íseal ċuir an fear seo ~~[illegible]~~ fuagraḋ
Ċum an Ċiniḋ Iúdaiḋe a ḃí buaḋarṫa
Go dtabairfeaḋ sé iad ar ḃeagán duaise
Go h-áit a ngaḃfaiḋe Íosa 'n uaigneas.

## CXXIV.

Céadaoine Ḃraiṫ ainm an lae sin,
Diardaoin na gComaoineaċ 'na diaiḋ sin;
Duḃairt a Mac leis an ṁaṫair ḋeoraċ,
"Mo ḃeannaċt leat, a Ṁaiġdin ġlórṁar."

## CXXV.

"A ṁaṫair ġeanmnaiḋe, ná bí buaḋarṫa
Má ċluin tú mise 'ḃeiṫ i gcruaḋtan;
Ar son an tsaoġail má ḃím-se i nġéiḃeann
Beiḋ tusa 's iad-san slán 'na diaiḋ sin."

## CXXVI.

Tráṫnóna ċruinniġ Sé óglaiġ 'n-aon-teaċ
Go gcaiṫfeaḋ leoḃṫa 'n Suipéar Déiḋeannaċ;
Nuair a ḃí an ċuirm seo gléasta
Ċruinniġ siad timċeall ṫart na méise.

## CXXVII.

Laḃair Íosa go brónaċ, tuirseaċ:—
"Is gearr go ndéanfar dam-sa cursaċ;
Má's beag mo ṁuintir, de réir mo ṫuigse,
Anoċt go ndíolfaiḋ fear díoḃ mise."

CXXVIII.

Labair ġaċ neaċ, "A Ṁaiġistir dílis,
Cá dtugaim féin go bráṫ Ort dí-meas."
"Is fíor naċ mise é," arsa Iúdas,
"Má's tú," ar Sé, "is beag do ċlú as."

CXXIX.

"Beirim mo ṁóide," arsa Peadar,
"A Rí na nGrás, anoċt, má ċreidim,
Go bfulaingeaḋ fuaċt, teas, a's crádh leat,
Go raċfad 'un príosúin a's 'un báis leat."

CXXX.

"Fá ġlaoiḋ an ċoiliġ 'noċt, mo ṫruaiġe, ~~trí h-uaire~~
Go séanfaiḋ tusa mé trí h-uaire."
D'imṫiġ Sé tamall 'un an féiḋċiġ —
An Tréadaiḋe tinn 's na caoiriġe spréiḋte.

CXXXI.

Niġ Sé a gcosa glan le h-umlaċt
Agus cosa ġránnamla, ṁallaiġṫe Iúdais;
Tug Sé dóiḃ A Ċorp ró-naoṁṫa,
Agus É féin beo, mar tá sé scríoḃṫa.

## CXXXII.

D'éiriġ 'n ċuid eile 'liġ lán de ġrása,
Aċt mac na feille, na'r ṫruaġ 'n cás é?
"I ndeanaṁ an uilc níor ċuir tú fiacail,
Imṫiġ anois, a ṁic an diabail."

## CXXXIII.

"Ṫréig tú mise agus do ċáirde,
Bí 'nois ar ṡiubal ar ċionn do ġárda;
Ċá dtéiġim roiṁ' a mbéiḋ go léir leat,
Ḋíol tú mise, a's tá mé réiḋ leat."

## CXXXIV.

D'imṫiġ sé 'coinne 'n ċinniḋ Iúdaiḋe,
Go síorruiḋe ṫréig sé craobh a ċuṁdaiġ;
Deiċ-bpíġne-fiċid de airgead Ċéasair
Luaċ a Ríoġ agus anam an tréatúir.

## CXXXV.

Fuair sé 'n bríb agus ṁúin sé 'n t-eolas
A béas go bráṫ 'na ádbar dólais —
I dteintiḃ gorma i bpoll gan díḋean
Atá 'n méid a díolfas Íosa 'r bríbiḃ.

CXXXVI.

Ṫóġ siad cire leoḃṫa 'n árd-puirṫ
Agus ġluais go deisreac 'un an ġárraiḋ—
Luiḃ-ġort álainn, árus uaigneac,
A ġníoḋ do ċroiḋe mo Ríoġ-sa suaimneas.

CXXXVII.

Ġluais leis Peadar, Eoin, a's Séamus,
I n-áit i leaṫ-taoiḃ ċuaiḋ le ċéile;
"Na scaraiġiḋ liomsa, a ċáirde dílse,
Tá pian a's tuirse fá mo ċroiḋe-se."

CXXXVIII.

"Tá mé cráiḋte, is mé tá claoiḋte,
Agus eagla 'n ḃáis ag teaċt go dtí mé;
Déanaiġiḋ faire aon oiḋċe 'ṁáin liom,
Agus 'na ḋiaiḋ sin tamall cuiriġiḋ slán liom."

CXXXIX.

Ḃí allus fuar ag teaċt le n-a éadan,
Ġlac criṫ a teanga i n-a béal binn,
Ṫáinic cuma an ḃáis go léir air,
'S an Páis ag tosnuġaḋ go tuirseac, tréan air.

CXL.

"'Nois ná codlaiġiḋ, ġaḃaim búr gcoimriġe,
Raċfaiḋ mise féin ar m' urnuiġe."
Cuaiḋ Íosa ar ċosaiḃ laga, ciúine,
Agus ċrom go tuirseaċ ar a ġlúiniḃ.

CXLI.

Ṫainic peacaḋ trom ṡíol Ádaiṁ
Os a ċionn, a's ṫoisiġ 'n ġábaḋ,
Díoġaltais Dé ar aicmiḃ Éaḃa —
A's ná'ṁḃ', iad sin na náiṁde tréana.

CXLII.

Ṫug siad fá n-a ċroiḋe fárcaḋ;
Míle 's ṁíle pian a's páis air;
Le méiḋ ró-ṁór a péin níor nár leis
Linnte fola ṫríd a ḃán-ċneas.

CXLIII.

Níor ḃa ribe ḃí 'san am sin
Ar a ċolann nó ar a ċionn-san
'Ná deóra fola 'tuitim síos leis —
Is géar a ḋíol Mac Dé ár gcionta!

CXLIV.

Na tuilte dearga 'teaċt go léir leis,
Ag deanaṁ tormáin ar an ḟéar glas;
Ṫuit Sé, laige — is liom naċ ionġnaḋ —
'S a ċolann geal le fuil ag caoineaḋ.

CXLV.

Féaċaiḋ ṅois, a ċlann na ndaoineaḋ,
Is daoiḃ is cóir, má tá siḃ críonna,
Cíḋ siḃ Íosa 'n-allus fola —
Is annaṁ liḃse deora gola.

CXLVI.

"A Aṫair ġlórṁair," arsa Íosa,
"Naċ truaġ leat do Ṁac 'san luiġe seo?"
Má's féidir é, tóg uaim an ċailís,
Tá mé criṫeaglaċ roiṁ' a doilġeas."

CXLVII.

"Aċt bíoḋ ~~xx~~ gaċ niḋ do réir Do ṫola
Mara ḃfuil aon tslíġe aċt bás mo ċolna";
Trí h-uaire dubairt Sé'n urnuiġe ċráiḋte,
A's É i n-a ċuid fola báiḋte.

## CXLVIII.

Ċuaiḋ Sé fá ṫrí go geata 'n ġárraiḋ
Agus É go claoiḋte, cráiḋte, sáruiġṫe.
Fuair roiṁe annsin an triúr 'na gcodlaḋ,
Sínte trom-ċroiḋeaċ ar an talaṁ.

## CXLIX.

"Naċ dtiocfaḋ liḃ coiṁead seal beag liom-sa,
'Ḟaḋ 's tá mé faoi an ualaċ ṫrom seo?
Ar ḟaire 's urnuiġe deánaiḋ tairiġe
Ar eagla tuitim ann sna caṫuiġṫiḃ."

## CL.

Ar ḋul go dtí 'n geata 'n tríoṁaḋ feaċt,
Ar Sé, "Éiriġiḋ 'nois a's bíḋiḋ 'teaċt;
Tá 'n fear 'n-ár gcoṁair a ḃraiṫfeas mise,
Seo ċugainn ag cionn a ḃuiḋne 'nois é."

## CLI.

B'é Iúdas treoruiḋe 'n tsluaiġ ḟíoċṁair;
Go dána ċuaiḋ 's ṫug póg do Íosa,
B'é sin an coṁarṫa 'ḃí socruiġṫe aca
Leis na saiġdiúiriḃ a ġabaḋ gan locaḋ.

CLII.

Ars' Íosa leo, "Caidé sin crall
Do'n aistear seo 'n a bhfuil siḃ 'triall?"
"Ag cuartuġaḋ Ċríost tá ár siuḃal;"
"Is mise É," ar Sé go h-uṁal.

CLIII.

Ag tuairm na ḃfocal ċuir gaċ duine
Gan lúṫ nó laṫair ós A ċoinne,
Le méad A ċuṁaċt a ṫaisbeaint dóḃṫa
'S gur le n-A ṡaor-ṫoil raċfaḋ leoḃṫa.

CLIV.

"Ḃí mé 'teagasc gaċ lá go puibliḋe
'Nár a dtiocfaḋ siḃ mo ġabaḋ gan ṫrioblóid
'S gan a ṫeaċt mar ġaduiḋṫe ann san oiḋċe;
Aċt éirġiḋ 's déanaiḋ 'nois bur ngnoiṫe."

CLV.

Má's mise 'ṁáin tá orraiḃ de ḋíṫ,
Leoḃṫa seo ní'l agaiḃ baint ar biṫ;
Tá mise 'dul siḃ le toil ṡaor, lán,
Aċt fágaiḋ mo ċáirde díl'se slán."

CLVI.

Ṫug suas É féin ar láiṁ a náṁad;
Ṫréiġ a deisciobail 'gus a ċáirde
Aċt Peadar a lean abfad ar gcúl É,
Ḃaḋ buaḋarṫa, brónaċ ann san tsiubal é.

CLVII.

Nuair a ṫáinic sé ar a ngaoḃar
Tarrainġ sé claiḋeaṁ amaċ go ḟíoċṁar,
An fear is mó a ċoinġḃiġ 'nguais É,
Leis an béim sin bain sé an ċluas de.

CLVIII.

"Cuir isteaċ do ċlaiḋeaṁ," arsa Íosa,
"Agus tabair fulaingt ḋaoir do'n níḋ seo;"
Ṫóg Sé suas arís an ċluas air
Agus rinne Sé slán í ar an uair sin.

CLIX.

Ċeangail siad ar a ċúl a láṁa
le rópaiḃ ríġne cruaiḋe cnáiḃe
Ṫiomáin rompa 'n bráiġe 'baḋ ċlúṫiġe,
Sin ceannfort cóir an ċinnḋ Iúdaiḋe.

## CLX.

Bí na h-Árd-ṡagairt 'san am seo tréasaṁail,
Agus na h-uaisle mar a gcéadna,
Na Faraisíní 'gus na Scríobaiḋṫe,
B'iadsan na náiṁde do baḋ ḃaoġlaiġe.

## CLXI.

Ġlac lúṫġáir mór iad ann san am seo;
Naċ truaġ liḃ Íosa 'measc an ḋream' seo?
Gurḃ' é a ṁian gan mórán spáis do
Go dtabairfiḋe pionús, pian, a's bás do.

## CLXII.

Ars' an tÁrd-sagart leis, ag déanaḋ magaiḋ,
"An Ḋia ṫú," Íosa, nó fear cogaiḋ,
Caiḋé'n sort teagaisc seo a ġníḋ ṫú,
Féaċfar anois do réir reaċt' an Ríoġ ṫú?"

## CLXIII.

"Ná fiafruiġ ḋíom aċt ceistiġ iadsan
A d'éist go minic le mo ḃriaṫraiḃ;
Níor labair mé focal 'naġaiḋ an órduiġṫe,
Ciḋ go ḃfuilim ceangailte 'nois le córdaiḃ.

CLXIV.

Nuair a ċuaiḋ Peadar go cúirt na Páirse
'S annsin a ċonnaic sé 'n t-aṁarc cráiḋte;
Ċuaiḋ eagla 'n báis ós cionn a ṫruaiġe,
Agus ṡéan sé a Rí annsin trí h-uaire.

CLXV.

Ṁionnuiġ triúr dóiḃ gur de ṁuintir Íosa é,
Ṁionnuiġ sé féin naċ eaḋ nó d'á daoiniḃ
Ġlac sé scannraḋ fá 'n ḃás ró-ṗianṁar
Agus dubairt leo naċ ḃfacaiḋ 'riaṁ É.

CLXVI.

Léig an coileaċ an scairt ḋéiḋeannaċ,
D'aṁairc Íosa ṫart go foiġideaċ;
Arsa Peadar, "Ó! naċ mé 'ḃí meallta;
A Rí na ngrás, is mé 'tá caillte."

CLXVII.

Ċuaiḋ Peadar amaċ 's a intinn buaḋarṫa,
A's rinne sé aiṫriġe ċruaiḋ ar uaiġneas;
D'iarr sé pardún ar Rí na Glóire,
Agus fuair sé grás ar son a ḋeora.

CLXVIII.

D'éirġ fear díoḃ a's d'iarr É d'ionnsuiḋe
Mar ḃéaḋ leoṁan nó dragún teinnteiḋe;
Buaileaḋ bos ċruaiḋ, ṫréan 'san ḃéal Air
D'ḟág folaċ fola síos go léir Air.

CLXIX.

Deir daoine go raḃ barraṫ sarainn
Ar a láṁaiḃ ag méaduġaḋ pianaiḋ;
Scríobann a lán — a's ní le magaḋ —
Gur ċuir siad a ḟiacla geala ar bogaḋ.

CLXX.

Ċruinniġ an dronġ ḋamnuiġṫe, ṁalluiġṫe
Ar gaċ taoḃ De gan am nó failliġe;
Le bosaiḃ 's dórnaiḃ ġoin go dian É —
Níor ḃréag a ráḋ gurḃ 'é teaċ na bpian é.

CLXXI.

Ċuir siad dallóg Air go teannta,
'Gus buail anois le buillíḃ ranntaċ;
Ṫóg siad suas le magaḋ uaill-ġuṫ,
"Tairngir, 'Íosa, 'nois, cé buail Ṫú?"

CLXXII.

Tarraing siad féasóg agus gruag de,
A gceaṫaḋ síos ar lár 'na nduailiḃ;
D'ḟulaing Sé níos mó 'san oiḋċe
'Ná ḃéarfaḋ bás cruaiḋ do na míltiḃ.

CLXXIII.

Ċaiṫ siad sleóga ar A éadan.
I n-a raḃ deallraṁ glan na gréine;
Siud an moḋ 'nar ċaiṫ Sé'n oiḋċe úḋ
Gur ġluais siad leis go moċ ċuig Píolaid,

CLXXIV.

An t-árd-ḃreiṫeaṁ a ḃí 'san réagún,
Ag súil go ḃfuiġeaḋ Sé bás a'r géar-ġoin;
Is roiṁe sin naċ ḃfuair Sé réiḋteaċ,
Aċt fiaḋnuise 'ḃí malluiġṫe, bréagaċ.

CLXXV.

'S gan aon-níḋ le n-a raċt a laġduġaḋ
Aċt go ḃfuiġeaḋ Sé ~~ta~~ Páis a'r céasaḋ;
Ṁionnuiġ siad na mílte bréag Air,
Gur ḋiúlt Sé ceart a ḋíol le Céasar,

CLXXVI.

Gur Rí é féin agus gur prionnsa mór é,
Gur mac agus oighre do Rígh na Glóire é;
Ní raibh a mhionnaí 'teacht le chéile;
D'fhiafruigh Píolaid ciúin le céill Dé,

CLXXVII.

"Ar ucht Dé, 'ndiu seo ceist go dtí thú,
An tú mac Dé, nó an Dia nó Rí thú?"
"Is Rí mé, acht chan é'n saoghal seo éiligim,
Is mé mac Dé, 'gus go bráth ní shéanfad;"

CLXXVIII.

"Agus chífidh tusa 'teacht go fóill mé
Anuas ó neamh mar Rí na Glóire;
An té lem' bhriathar anois a éisteas,
Is aoibhinn dó-san lá an ghéibhinn."

CLXXIX.

Chuir bean Píolaid annsin litir seasobhtha,
"Ná bíodh aon bhaint agat le h-Íosa,
Nó caillfidh tú Flaithis a's béidh tú réidh leis,
Caill mise codladh na h-oidhche 'réir leis."

CLXXX.

Nuair a fuair Pioláid fios an scéil sin
Ċuir sé fora leo go Héarod;
Ṫiomáin siad rompa an ḃraiġe ba ċlúitiġe —
Agus ná'r b-É, an lá sin, díol na truaiġe?

CLXXXI.

Ġlac Héarod lúṫġáir le linn É d'ḟeáċaint,
Ag súil É 'ċeistiú ós cionn péarsain;
Níor ṫairng fora a ṁian a ṡásaiṁ,
Nó aon níḋ a ṡaorfaḋ ar an ḃás É.

CLXXXII.

Ċuir Héarod ceisteanna gan ċéill Air,
Aċt ní raḃ áirḋ ag Rí na Gréine air,
Go gcríoċnoċaḋ 'n níḋ bí fá n-A ċoinne,
Go gcuirfeaḋ an ḃairre a ṡaorfaḋ sinne.

CLXXXIII.

Ṫug gárdaí Héaroid magla mór dó,
Ṫug siad iomarḋaḋ go leor dó,
Ċuir siad culaiḋ amadáin go léir Air,
Agus an brat ba tarcuisniġe faoi'n ġréin Air.

CLXXXIV.

D'imṫiġ leis an sluaġ go huile;
'Siomḋa leaġan a ḟuair Sé, 's buille;
Is trom a goineaḋ É 'san tsiubal
Ag teaċt ċuig Piolaid ar ais go h-umal.

CLXXXV.

A Rí na glóire agus na gile,
Cá bḟuil an naoṁ, an ḟáiḋ, nó'n file,
Ó ṫús an tsaoġail go dtí n-a ḋeireaḋ,
'Scríoḃfaḋ trian na péine Ort-sa 'cuireaḋ?

CLXXXVI.

Ṫug Piolaid órdú annsin É 'sciúrsáil
Ag súil go gcríoċnoċaḋ sin a gcúrsa;
Ní raiḃ i n-a bḟuair Sé acht ábhar gáire —
Anois a ḟuair Sé an ṗian 's an náire.

CLXXXVII.

Noċtaḋ arís A ḃán-ċneas gléigeal;
Ná'r ṁór an truaiġe Rí na séad geal?
Ceanglaḋ É do ċolamain cloiċe
A ḃí ós árd i lár na sráide.

CLXXXVIII.

Ṫáinic an dís, agus bí i n-a lámaib
Sciúrsaí cnapánac' cruaiḋe cnáibe;
Mar ḃéaḋ ḋá leoṁan ṫoiriġ an dís Air
Gur ḟág siad fuil 'na tuiltib síos leis.

CLXXXIX.

Dís arís le sciúrsaib scaiṫte,
Saor ó ṫruaiġe agus lán de ċaṫuiġe,
Buail gur nár léar duit ball d'A ḃallaib
Go deárn siad colainna dearga d'A ċolainn.

CXC.

Dís arís le sciúrsaib cruaiḋe,
'S a mbárra lán de ċnapaib luaiḋe;
Sin an dís a ċráiḋ go léir É
'S a d'ḟág 'na ṡompla ag síol Éab' É.

CXCI.

Peacaiḋ 'nois ar Rí na glóire,
A's bíoḋ bur súile lán de ḋeoraib,
Gan ball d'A ḃallaib gan créaḋ báis air
Sin smál an ṗeacaiḋ 'ċuir síol Áḋaim Air.

CXCII.

Goirtuigh anoir, a chroidhe is cruaidhe,
Mara bhfuil tú lag is beag do thruaighe;
Fuil do Ríogh ar lár 's í teachtuighthe,
A cholann geal go léir d'a céasadh

CXCIII.

A chuid fola go léir 'san nuadh d'a tarraingt,
'S gan i n-áit Mic Dé acht créachd 's a arrainn;
A chuid feola streócta, brúighte, spíonta,
De réir mar d'fhág Rí Dáibhí scríobhtha.

CXCIV.

Nach truagh libh-se 'n Mhaighdean ghlórmhar
A thainic i láthair i n-am ~~an fhoghla~~ na foghla,
Nuair a chonnaic sí a haon-mhac annsan riocht seo
Níorbh' iongnadh liomsa a croidhe 'bheith briste.

CXCV.

Ba mhór a dólas ós cionn A cholna
Tráth fuair sí báidhte i n-A chuid fola É,
Gan Air acht fuil mar éadach uachtair,
Streócta, salach, agus créachta fuairc Air.

## CXCVI.

Ḃí gaduiḋe fir 'san am i bpríosún,
Agus d'ḟiafruiġ Píolaid cé de'n dís sin
A b'ḟearr leo aca ag sáraiṁ a ṁana —
"Is fearr Barrabas beo 'na Íosa."

## CXCVII.

A léiġiḋ de roġa arraiṁ níor ċualas,
Rí na bflaiṫ d'A ċroċaḋ le tuaṫal;
B'ḟearr leo aca fear ṁarḃṫa daoineaḋ
'Ná óg-Ḋiaġ na bpian

## CXCVIII.

An Té 'ṫóg beo na marḃ ó'n uaiġ,
Fear na féile ar ḋeaṁain fuair buaiḋ —
Sin cás an ṗeacaiḋ naċ mbíonn críonna,
'Beir aġaiḋ ar ifreann a's cúl le h-Íosa.

## CXCIX.

D'ḟiafruiġ Píolaid do'n ḋrong ṁallaiġṫe,
"Naċ ḋtuig mé sáraiṁ daoiḃ gan faillige?"
Dubairt naċ mbéaḋ socṫa 'r son A ṫreasa
Go mbéaḋ Sé roċtuiġṫe, croċta, céasta.

CC.

Annsin ġlaoiḋ Píolait ċuige ar uisce
Gur niġ a láṁa i laṫair go cliste;
"Mar ṫug mé sásaṁ daoiḃ go léir Air,
Ní ṫugaim aiṫrú breiṫe go h-éag Air."

CCI.

"Béiḋ mé saor ar A ċuid fola,
Bí an méid a rinne mé 'naġaiḋ mo ṫola."
"A ċuid fola glacfaiḋ sinne,
Bíoḋ orainn féin 's anaġaiḋ ár gclainne."

CCII.

"Mara dtugair breiṫ ar son A ṫréasa,
Ní cara searṁaċ ṫú do Ċaesar."
Ġlac Píolait eagla annsin fá'n ádḃar
Agus anaġaiḋ a ṫola ṫug breiṫ báis Air.

CCIII.

Ní sásaṁ é gan tuilleaḋ péine,
Tuilleaḋ prionúis agus céasta;
'Nois aċt A ċeann ní'l aon ḃall saor De,
'Nois le magaḋ déanfam Rí De.

CCIV.

Ḃearr siad a ċeann le páirúir ṁaola,
Rinne siad coróin de ḋealgaiḃ spíona,
Níor ḟan d'a ċroiḋe beo aċt beagán
Nuair a ḃuail siad síos í ar a ċlaigeann.

CCV.

Ċuir siad slat ġiolcaiġ i n-a láṁaiḃ,
Ḃuail na deilg ar aġaiḋ go cnáiṁ ann;
Le magaḋ ċrom siad ar a nglúnaiḃ—
Go mbeannuiġṫear duit, a Rí na n-Iúdaiġe."

CCVI.

Féaċaiḋ anois, a ċlann na ndaoineaḋ,
Ar bhur Rí faoi ċoróin spíona;
Tugaiḋ ḋó anois de réir bhur dtola
Deora súl ar son deora fola.

CCVII.

Iúdas malluiġṫe a rinne gaċ tréasa,
Ġlac cráḋ-eagal anois ró-ṁall an tréatúir;
Ċaiṫ sé 'n t-airgead uaiḋ gan sábaiḃ—
"Is mé atá daor, 's mé ḋíol an t-Árd-Rí."

CCVIII.

"Má rinn' tú'n t-olc, ní raibh tú críonna;
Rinn' tú obair daor gan iarraidh."
Croċ sé é féin ag méadú a ġábaiḋ —
Sin sompla damanta ag síol Áḋaim.

CCIX.

An té 's cruaiḋe croiḋe sin ádbar éagcaoin',
Rinn' na saorṫa an ċroiċ ċearta,
Ġléas na poill agus áit na dtáirnġí
Le colann an Ríoġ a beiṫ sínte, spárrṫa.

CCX.

Tá gcruinniuġaḋ treiḃ an ċinid daonda
Agus a beiṫ na mílte bliadain ag seirioḃaḋ,
Ní seirioḃfaḋ siad go dtí lá an tSléiḃe
Ar ḟulaing Íosa ar son síol Éaḃa.

CCXI.

Ádbar dólais, péine, a's aṁgair,
Caiṫfeaḋ Íosa 'n ċroċ sin d'iomċur
Ar a ḋruim boċt stróċta spíonta,
Tuirseaċ, truaġ-lag, buaḋarṫa, claonta.

CCXII

Ṫóg siad suas í ar ċréaċtaí a ġualainn,
An dream mí-ḃéasaċ, tréasaċ, uallaċ,
Le trom na Croiċe ⁊ na cnáiḃe,
Gur buaileaḋ síos é i lár na láiḃe.

CCXIII

Ní h-í an Croiċ a ċur luiġe no léan air,
Aċt leaġ an tAṫair cáin síol Éaḃa air,
Sé ár n-easḃuiḋe trosce, déirce 's daonnaċt,
D'fág mo Rí 'na luiġe 's é sínte.

CCXIV

Ċuimil Beronica, an deaġ-ḃean,
Naipcín ġeal d'á ġruaiḋ ⁊ d'á éadan,
D'fág an Tiġearna fioġair a ġnúis ann,
As béiḋ sé gan ċaiṫeaṁ a ċoiḋċe 'san dún sin.

CCXV

Tá sé ar fáġail ann, agus béiḋ go síorraiḋe,
Níor ċaill sé a ḋaṫ mar fuair mé míniġṫe;
Béiḋ sé iomlán go dtí lá an tSléiḃe,
Ag leiġeas gaċ aicíde Ṡíol Éaḃa.

CCXVI

Tráṫ connaic mná an baile-ṁóir é,
Ġreadaḋ a mbosa 7 ṡil a ndeora.
"A ṁná Ṡerúsalem" arsa Íosa
Ná caoinigiḋ Mise inḋiu féin níḋ seo."

CCXVII

"Aċt goilíġiḋ féin 's bur gclann go cráiḋte,
Ó's sib d'fág Mé faoi'n ualaċ náireaċ,
Greamuiġiḋ Damsa 7 faoi ṫráiṫnóna
Díolfaiḋ Mé ar son bur bpeacaiḋe móra."

CCXVIII

Tugaḋ ar Ṡímeon an ċroiċ sin d'iomċur,
Go Calbaire, go h-áit an aingar;
le pionnsúr, casúr, tairngí 's ropaí,
A Rí lag fann go h-áit a ṡtróċta.

CCXIX

Níor fág siad snáiṫe ar a Ċorp créaċtaiġṫe,
Agus iad ag magaḋ faoi, 's ag bucfiḋ,
Ċuir siad sínte ar adhmad ċruaiḋ é,
Dar liomsa, a ḋaoine, b'ádbar truaiġe é.

## CCXX

Ġur tarraingeaḋ a láṁ ón Colúmn ċráiḋte,
Ġur tiomáinnaḋ tríṫe beo na táirngí
Ċrap a Ċorp 'n a ḋiaiḋ 'san taoḃ sin.
Aċt ní fada ḃí Sé ar an luiġe sin.

## CCXXI

Ġur tarraingeaḋ a láṁ ċlé go h-áiḋḃéil
Ġur sroiċeaḋ í síos go h-áit an táirnġe,
Deir a lán gur leónaḋ a ṁéara
Agus gur sgaoileaḋ a ailt ó ċéile.

## CCXXII

Tarraingeaḋ a ċosa síos le corḋaí,
Ġur dingeaḋ iad do réir an ḃeartuiġṫe
Dóˈn crann ċruaiḋ úd le na gcasúir
Mar ḃí suid an ṗian 's an ṗionnós
deacair.

## CCXXIII

D'ísliuġaḋ bun na Croice i bpoll roim-ḋéanta
Ṫug sin do Íosa craṫaḋ scáṫṁar
Na táirngí fríd a bosa ag stróċaḋ
Ag cur méaduiġṫe ar a ṗéin 's a
ḋócaṁal